Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4444

22.7.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ó Curtea de Apel Bucureşti (an Rómáin) a taisceadh an 9 Aibreán 2024 – Prisum Healthcare S.R.L. v Autoritatea Vamală Română**

**(Cás C-252/24, Prisum Healthcare)**

(C/2024/4444)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Curtea de Apel Bucureşti

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Prisum Healthcare S.R.L.

*Cosantóir:* Autoritatea Vamală Română

### An cheist a tharchuirtear:

An gcaithfear an Ainmníocht Chomhcheangailte in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim ([1]), arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh 2022/1998 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2022 ([2]), a léiriú sa chaoi:

go dtagann ullmhóid bia i bhfoirm leachtach ina bhfuil iarann (i bhfoirm sulfáit neamhfheiriúil), coimpléasc vitimín, salainn mhianracha, eastóscáin plandaí, eastóscáin nádúrtha torthaí, cothaithigh eile, mil, siúcra agus síoróip glúcóis, a chaitear mar sin i dáileoga dhá taespúnóg in aghaidh an lá, a mhargaítear i mbuidéil phlaisteacha 200 ml, atá ceaptha lena n-úsáid go sonrach i bhfoirmiú haemaglóibin agus fuilchoirpíní dearga agus a bhfuil feidhm acu mar fhorlíonadh bia a chuireann le cothromaíocht na sláinte, le folláine ghinearálta na collaine agus le gnáthfheidhmiú an chórais imdhíonachta, faoi cheannteideal 2202 den Ainmníocht Chomhcheangailte dá dtagraítear thuas toisc go bhfuil d'éifeacht ag a fhoirm leachtach é a eisiamh ón aicmiú faoi cheannteideal 2106?

([1]) IO 1987 L 256, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1998 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 282, 31.10.2022, lch. 1.